


## Sonraí agus seans: Seans – Moltaí don teagasc





### MEON TÁIRGIÚIL A CHOTHÚ

- Tarraing aird ar an mbealach a mbíonn ról tábhachtach ag an tseansúlacht inár saol laethúil.
- Spreag páistí le cinntí cuí a dhéanamh bunaithe ar a n-anailís ar dhóchúlacht toraidh.
- Bí tuisceanach maidir le míthuiscintí nó réamhthuirimí maidir le seansúlacht, m.sh., *uimhreacha sona, srl., a cheistiú.*

### SPRAÍÚLACHT A SPREAGADH LEIS AN MATAMAITIC

- Cuir deiseanna ar fáil do na páistí chun a dtuiscint ar an tseansúlacht a fhorbairt trí bheith rannpháirteach go gníomhach le trialacha agus turgnaimh a bhfuil díse, rothaí srl. mar chuid díobh.
- Spreag páistí le cluichí a imirt a bhfuil an tseansúlacht mar chuid díobh agus le machnamh a dhéanamh ar conas a imríonn sé seo tionchar ar na cluichí agus ar a gcuid torthaí.
- Déan iniúchadh ar an míthuiscint choitianta a dtugtar Bréag an Chearrbhaigh uirthi – an creideamh nach bhfuil sé chomh dócha céanna go dtarlóidh imeacht randamach i ndiaidh imeachta ar úsáideadh díse nó boinn lena linn.





### TASCANNA ATÁ DÚSHLÁNACH GO COGNAÍOCH A ÚSÁID

- Athraigh castacht gníomhaíochtaí ach líon na dtrialacha a ardú.
- Spreag páistí le torthaí imeachta a léiriú nó triail a bhaint as rudaí ar roinnt bealaí éagsúla, m.sh., *go huimhriúil, go pictiúrtha le léaráidí crainn agus go nithiúil.*
- Cuir deiseanna ar fáil do pháistí maidir le cuir chuige chórasacha a úsáid maidir le sraith torthaí a chomhaireamh, m.sh., *ag baint úsáide as marcanna scóir.*

### BÉIM A CHUR AR AN SAMHALTÚ MATAMAITICIÚIL

- Cuir tascanna ar fáil a spreagann páistí le cuimhneamh ar fhéidearthachtaí uile imeachta seachas ar an dóchúlacht go dtarlóidh imeacht faoi leith amháin, m.sh., *na meascáin fhéideartha uile a bhaineann le huachtar reoite dhá scúp ó rogha ceithre bhlas faoi leith a dhéanamh amach.*
- Roghnaigh tascanna agus gníomhaíochtaí a bhaineann le heispéiris saoil na bpáistí, mar shampla, meascáin de bhlasanna uachtar reoite, meascáin de bhiachláir srl.
- Cinntigh go mbíonn deiseanna ag na páistí a gcuid trialacha féin a dhearadh chun críoche dóchúlacht imeacht faoi leith a thástáil, m.sh., *ciúb a bhfuil dath áirithe air a tharraingt amach as mála nó milseán a bhfuil dath áirithe air a tharraingt amach as paicéad.*



### MATA-CHAIT A CHUR CHUN CINN

- Cuir deiseanna ar fáil do pháistí le plé a dhéanamh ar na torthaí féideartha ar fad bunaithe ar a dtaithí féin ar an saol.
- Cinntigh go bhfuil a ndóthain ama ag na páistí a gcuid smaointe maidir le seansúlacht agus dóchúlacht torthaí a léiriú agus a chosaint.
- Spreag úsáid an stór focal a bhaineann le seansúlacht ar fud an churaclaim, m.sh., *torthaí a thuar le linn léitheoireachta.*